

AGUISÍN A

**Scéim Ghinearálta Bille (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) Oideachais
2016**

Leagan amach na dTeideal

Teideal 1 TEIDEAL FADA

Teideal 2 Sainmhínte

Teideal 3 Tá sé riachtanach Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a bheith ag Scoileanna agus í bunaithe ar phrionsabail reachtúla agus de réir treoirlínte leagtha amach ag an Aire

Teideal 4 Cumhacht an Aire a leagan amach chun go mbeifear in ann ordú a thabhairt do Bhoird Scoileanna géilleadh do threoirlínte um Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí

Teideal 5 Forálfar cumhacht an Aire treoirlínte athbhreithnithe a fhoilsiú ó am go chéile

Teideal 6 Ní foláir do Scoileanna tuairimí, treoir nó moltaí an Ombudsman do Leanaí a chur san áireamh

Teideal 7 Leasú ar Alt 9 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002

Teideal 8 Leasú ar Alt 9 den Acht Oideachais 1998

Teideal 9 Leasú ar Alt 27 den Acht Oideachais 1998

Teideal 1 TEIDEAL FADA

ACHT CHUN ALT 28 DEN ACHT OIDEACHAIS 1998 A LEASÚ AGUS CHUN NA PRIONSABAIL A RIALÓIDH TEAGMHÁIL SCOILEANNA LE TUISMITHEOIRÍ AGUS SCOLÁIRÍ A LEAGAN AMACH, CUMHACHT AN AIRE A LEAGAN AMACH IACHALL A CHUR AR SCOILEANNA CAIRT TUISMITHEOIRÍ AGUS SCOLÁIRÍ A BHEITH ACU, BUNPHRIONSABAIL AN CHAIRT TUISMITHEOIRÍ AGUS SCOLÁIRÍ A LEAGAN AMACH, LIGEAN DON AIRE TREOIRLÍNTE A FHOILSIÚ DON ULLMHÚ, FOILSIÚ AGUS FEIDHMIÚ CHAIRT TUISMITHEOIRÍ AGUS SCOLÁIRÍ DÁ RÉIR, CUMHACHT A SHOLÁTHAR IONAS GO MBEIDH AN tAIRE IN ANN ORDÚ A THABHAIRT DO BHOIRD SCOILE GÉILLEADH DO NA TREOIRLÍNTE, LIGEAN DON AIRE FAISNÉIS A FHOILSIÚ AR NA TREOIRLÍNTE EISITHE, LIGEAN DON AIRE ORDUITHE TUGTHA DO BHOIRD SCOILE A CHÚLGHAIRM, IACHALL A CHUR AR SCOILEANNA TUAIRIMÍ, TREOIR NÓ MOLTAÍ AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ A CHUR SAN ÁIREAMH, LIGEAN DON OMBUDSMAN DO LEANAÍ AON TUAIRIMÍ, TREOIR NÓ MOLTAÍ FAIGHTE AG BORD A CHUR IN IÚL DON AIRE AGUS CUMHACHT AN AIRE A FHORÁIL ORDÚ A THABHAIRT DON BHORD MAIDIR LEIS NA HÁBHAIR A CHUIR AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ IN IÚL DON AIRE, ALT 9 DEN ACHT UM OMBUDSMAN DO LEANAÍ 2002 A LEASÚ CHUN RÓL AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ A LEATHNÚ UM SCOIL A FHIOSRÚ MAIDIR LE FEIDHMEANNA A ÉILÍTEAR ÓN SCOIL FAOI ALT NUA 28 DEN ACHT 1998, FO-ALT 9 (2) DEN ACHT UM OMBUDSMAN DO LEANAÍ 2002 A BHAINTEAMACH, ALT 9 DEN ACHT 1998 A LEASÚ CHUN RIACHTANAS A CHUR ISTEACH MAR FHEIDHM SCOILE GO GCAITHFEAR TEAGMHÁIL LE TUISMITHEOIRÍ AGUS SCOLÁIRÍ A CHUR CHUN CINN MAIDIR LEIS AN OIDEACHAS A CHUIRTEAR AR SCOLÁIRÍ, AGUS CHUN ALT 27(4) DEN ACHT 1998 A LEASÚ IONAS GO

GCUIRFEAR ATHRÚ AR DHUALGAS COMHAIRLE SCOLÁIRÍ Ó LEASANNA NA SCOILE A DHÉANAMH GO DUALGAS LEASANNA SCOLÁIRÍ NA SCOILE A DHÉANAMH AG FÉACHAINT DO SPIORAD SAINIÚIL AGUS POLASAITHE NA SCOILE AGUS NA PRIONSABAIL A LEAGTAR AMACH IN ALT 28.

Nóta Mínithe

Forálann Teideal fada an Bhille go bhfuil sé mar aidhm ag an mBille seo Alt 28 den Acht Oideachais 1998 a leasú agus na prionsabail a leagan amach a bheidh mar threoir ag scoileanna is iad ag plé le tuismitheoirí agus Scoláirí, go mbeidh ar gach Scoil Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a bheith acu, go mbunófar an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí ar na prionsabail a leagtar amach in Alt 28, foilsíodh an tAire treoirlínte faoin gCairt Tuismitheoirí agus Scoláirí tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe oideachais, beidh dualgas ar Bhord Scoile Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a leanfaidh treoirlínte an Aire a ullmhú, a fhoilsiú agus a fheidhmiú, beidh an tAire in ann ordú a thabhairt do bhoird scoile géilleadh do na treoirlínte, ligfear don Aire faisnéis a fhoilsiú faoi na horduithe eisithe, ligfear don Aire treoirlínte a thugtar do bhoird scoile a chúlghairm, iachall a chur ar scoileanna tuairimí, treoir nó moltaí an Ombudsman do Leanaí a chur san áireamh, ligean don Ombudsman do Leanaí aon tuairimí, treoir nó moltaí faighte ag Bord a chur in iúl don Aire agus cumhacht an Aire a fhoráil ordú a thabhairt don Bhord maidir leis na hábhair a chuir an Ombudsman do Leanaí in iúl don Aire, Alt 9 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 a leasú chun ról an Ombudsman do Leanaí a leathnú um scoil a fhiosrú maidir le feidhmeanna a éilítear ón scoil faoi Alt nua 28 den Acht Oideachais 1998, fo-alt 9 (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 a bhaint amach, Alt 9 den Acht 1998 a leasú chun riachtanas a chur isteach mar fheidhm scoile go gcaithfear teagmháil le tuismitheoirí agus Scoláirí a chur chun cinn maidir leis an oideachas a chuirtear ar scoláirí, agus chun Alt 27 (4) den Acht Oideachais 1998 a leasú ionas go gcuirfeadh athrú ar dhualgas comhairle na scoláirí ó leasanna na scoile a dhéanamh go dualgas leasanna Scoláirí na scoile a dhéanamh ag féachaint do spiorad sainiúil agus polasaithe na scoile agus prionsabail a leagtar amach in Alt 28.

Teideal 2 Sainmhínithe

Ciallaíonn “Acht 1998” An tAcht Oideachais 1998.

Ciallaíonn “Bord” Bord Bainistíochta Scoile.

Ciallaíonn “Cairt” Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí.

Ciallaíonn “Aire” an tAire Oideachais agus Scileanna.

Ciallaíonn “Tuismitheoir” tuismitheoir altrama, caomhnóir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997, nó duine eile a bheidh ag gníomhú in loco parentis agus a bhfuil leanbh faoina chúram nó faoina cúram faoi réir aon chumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte agus, i gcás linbh a uchtaíodh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998, nó, i gcás gur uchtaíodh an leanbh lasmuigh den Stát, ciallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach.

Ciallaíonn “Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí” Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí ullmhaithe, foilsithe agus feidhmithe ag scoil de réir treoracha foilsithe ag an Aire faoi Alt 28 den Acht Oideachais, 1998.

Ciallaíonn “Scoil” scoil atá aitheanta mar a mhínítear de réir Alt 10 den Acht 1998.

Ciallaíonn “Scoláire” duine atá rollaithe sa scoil.

Nóta Mínithe

Sa Teideal seo leagtar amach téarmaí a úsáidtear go coitianta sa Scéim Ghinearálta.

Teideal 3 Tá sé riachtanach Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a bheith ag scoileanna agus í bunaithe ar phrionsabail reachtúla agus de réir treoracha leagtha amach ag an Aire

Leis seo leasaítear Alt 28 den Acht Oideachais 1998 trín mhéid seo a leanas a chur in ionad Alt 28

“28 (1) A chinntiú go gcuireann an scoil taithí ardchaighdeáin ar fáil dá cuid scoláirí, go nglacann go fonnmhar le ról cuimsitheach do thuismitheoirí agus go léiríonn meon na scoile i leith na scoláirí a bhfuiltear ag freastal orthu agus i leith tuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí agus páirtithe san oideachas: beidh cairt tuismitheoirí agus scoláirí ag scoil aitheanta agus leanfaidh an chairt sin na treoirlínte leagtha síos ag an Aire de réir an ailt seo, ina dhiaidh seo thíos tugtar an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí ar an gcairt úd.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fo-alt (1) sa Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí leagfar amach an tseirbhís a bheidh á soláthar ag an scoil, na caighdeáin a gcloífeáir leo agus an teagmháil a bheidh ar bun ag an scoil le Scoláirí na scoile agus a dtuismitheoirí bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(i) Beidh an scoláire mar chroílár saol na scoile agus díreofar ar na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach do gach scoláire maidir le foghlaim agus forbairt ina iomláine, trí thaithí an scoláirí laistigh den scoil;

(ii) Beidh meas agus luach ar ról tuismitheora agus aithneofar go gcuirfidh feacht agus páirteachas tuismitheora i bhfoghlaim agus dul chun cinn an scoláire go mór le torthaí an scoláire a fheabhsú;

(iii) Rachfar i gcomhairle le scoláirí agus tuismitheoirí agus spreagfar iad lena bheith bainteach le polasaithe agus pleananna scoile agus páirteach iontu;

(iv) Tabharfar faisnéis do scoláirí agus tuismitheoirí, san áireamh beidh freagracht as soláthar maraon le faisnéis ar fheidhmíocht scoile;

(v) Rachfar i gcomhairle go minic le scoláirí agus tuismitheoirí maidir le costais scoile agus oibreofar ionas nach mbeidh costais mar bhac ar pháirteachas;

(vi) Fáilteofar roimh aiseolas, ráitis agus tuairimí ó scoláirí agus tuismitheoirí agus forbrófar cultúr éisteachta sa scoil;

(vii) Cinnteofar cúirtéis, rúndacht agus comhionannas measa;

(viii) Lorgófar cead tuismitheora nuair is gá;

(ix) Cuirfear timpeallacht shábháilte ar fáil;

(x) Cuirfear cinnteacht maidir le cáilíocht i bhfeidhm;

(xi) Aithneofar bearnaí, laigí nó réimsí a bhféadfaí a fheabhsú;

(xii) Tabharfar faoin bplé le hábhair inní ag tuismitheoirí agus scoláirí ar bhonn dearfach agus roghnófar sásamh iomchuí chun gá ag tuismitheoir nó scoláire le bheith ag brath ar ghnáthaimh chasaoid agus gearáin a sheachaint chomh fada agus is féidir;

(xiii) Gnáthaimh a sholáthar chun casaoid agus gearán a scaoileadh, san áireamh beidh idirghabháil agus gníomh leigheasta nuair is cuí, agus

(xiv) Gnáthaimh a sholáthar chun toradh gearáin, an bonn faoin dtoradh, agus an bonn a bhí faoi chinneadh na scoile ar an dtoradh san a chur san áireamh.

(3) Ó am go chéile foilseoidh an tAire treoirínite tar éis dul i gcomhairle le tuismitheoirí, scoláirí, eagraíochtaí aitheanta banistíochta scoile agus comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí nó a leithéid d'eagraíocht nó Aire eile Rialtais a mheasann an tAire a bheith cuí, agus ullmhófar a leithéid de threoirínite de réir na bprionsabal a leagtar amach i bhfo-alt (2).

(4) Ullmhóidh, foilseoidh agus feidhmeoidh bord scoile aitheanta Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí de réir na dtreoirínite leagtha amach ag an Aire.

(5) Féadfaidh an tAire dáta tosach feidhme an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a chinntiú do scoileanna”.

Nóta Mínithe

Leasaíonn an Teideal Alt 28 den Acht Oideachais trí alt nua a chur ina ionad a leagann amach prionsabail mar threoir do scoileanna agus iad ag plé le tuismitheoirí agus scoláirí. Is í aidhm an cheannteidil seo ná iachall a chur ar scoil aitheanta (i.e. scoil aitheanta faoi alt 10 den Acht Oideachais 1998) Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a bheith acu. Bunófar an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí ar phrionsabail a leagtar amach in Alt 28.

Forálann an Teideal go bhfoilse an tAire treoirlínte um Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí tar éis dul i gcomhairle le tuismitheoirí, scoláirí, comhlachtaí aitheanta banistíochta scoile agus cumainn foirne a dhéanann ionadaíocht ar mhúinteoirí nó a leithéid de chomhlachas nó Aire eile Rialtais a mheasann an tAire a bheith cuí.

Forálann an Teideal go n-ullmhóidh, foilseoidh agus feidhmeoidh bord scoile aitheanta Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí de réir na dtreoirlínte leagtha amach ag an Aire.

Forálann an Teideal go bhféadfaidh an tAire dáta tosach feidhme an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a chinntiú do scoileanna.

Teideal 4 Cumhacht an Aire a leagan amach chun go mbeifear in ann ordú a thabhairt do Bhoird Scoileanna géilleadh do threoirlínte um Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí

Cuirtear na fo-ailt seo a leanas freisin leis an Alt nua 28

“(6) Ag cuimhneamh ar na prionsabail i (2) má cheapann an tAire gur theip ar bhord;

- i) Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a ullmhú,
 - ii) Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fhoilsiú,
 - iii) Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fheidhmiú,
 - iv) Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fhoilsiú go hiomlán nó i bpáirt de réir na dtreoracha nó
 - v) Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fheidhmiú go hiomlán nó i bpáirt de réir na dtreoirlínte;
- féadfaidh an tAire, faoi réir fo-ailt (7) go (10), ordú a thabhairt i scríbhinn don bhord céanna chun géilliúlacht do na treoirlínte a éileamh.

(7) Inseoidh an tAire, i bhfógra scríofa, don bhord má tá sé nó sí chun ordú a thabhairt faoi fho-alt (6) agus luafaidh téarmaí an ordú mholta agus na cúiseanna atá leis.

(8) Féadfaidh bord uiríll a dhéanamh i scríbhinn ar an Aire maidir leis an ordú molta tráth nach déanaí ná 14 lá ó dháta seirbheála fógra faoi fho-alt (7).

(9) Cuirfidh an tAire aon uiríll a dhéantar chuige nó chuici faoi fho-alt (8) san áireamh sula dtugtar ordú faoi fho-alt (6).

(10) Beidh ar bhord géilleadh d’aon ordú a thugtar don bhord céanna faoi fho-alt (6).

(11) Ó am go chéile, féadfaidh an tAire faisnéis a fhoilsiú ar na horduithe eisithe faoi Alt 28 agus féadfar ainm na scoile agus nádúr an ordú tugtha ag an Aire a lua.

(12) Cuirfear san áireamh nuair a bheidh treoirlínte nó orduithe á n-ullmhú faoin alt seo ag an Aire:

- (i) mar is féidir le bord ómós a thabhairt do ghuth scoláire ach féachaint d’aois agus do thaithí na scoláire agus
- (ii) a inmhianaithe atá sé casaoidí agus gearáin a réiteach sa scoil lena mbaineann.

(13) Féadfaidh an tAire orduithe déanta faoi fho-alt (6) a chúlghairm má ghéill an bord d'ordú an Aire.

(14) Má dhéanann an tAire orduithe tugtha faoi fho-alt (6) a chúlghairm feidhmeoidh an bord lena mbaineann cairt de réir na dtreoirlínte foilsithe faoi fho-alt (3)".

Nóta Míithe

Forálann an Teideal go mbeidh sé de chumhacht ag an Aire ordú a thabhairt do bhord scoile géilleadh do threoracha um Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí. Féadfar ordú a thabhairt má cheapann an tAire gur theip ar bhord:

1. Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a ullmhú,
2. Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fhoilsiú,
3. Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fheidhmiú,
4. Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fhoilsiú go hiomlán nó i bpáirt de réir na dtreoirlínte nó
5. Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a fheidhmiú go hiomlán nó i bpáirt de réir na dtreoirlínte;

Ligeann an Teideal don Aire scríobh chuig bord scoile ag insint dóibh má tá sé nó sí chun ordú a thabhairt agus luafar téarmaí an ordú mholta agus na cúiseanna atá leis. Féadfaidh bord scoile uirill a dhéanamh ar an Aire tráth nach deanaí ná 14 lá ó dháta seirbheála ordaithe. Cuirfidh an tAire aon uirill a dhéantar chuige nó chuici san áireamh sula dtugtar ordú faoi.

Forálann an Teideal go mbeidh ar bhord géilleadh d'aon ordú a thugann an tAire.

Forálann an Teideal go bhféadfaidh an tAire faisnéis a fhoilsiú ar na horduithe eisithe faoi Alt 28 agus féadfar ainm na scoile agus nádúr an ordú tugtha ag an Aire a lua.

Forálann an Teideal go gcuire an tAire ceisteanna áirithe san áireamh nuair a bheidh treoirlínte nó orduithe á n-ullmhú faoi Alt 28. Is iad siúd gur féidir le bord ómós a thabhairt do ghuth scoláire ach féachaint d'aois agus do thaithí na scoláirí agus an oiriúnacht a bhaineann le casaidí agus gearáin a réiteach laistigh den scoil lena mbaineann. Tagann sé sin le haoiseanna difriúla na scoláirí i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Is léiriú freisin é ar an bhfócas atá in Alt 28 den Acht Oideachais mar a bhí faoi ghearáin a réiteach ag leibhéal áitiúil.

Forálann an Teideal freisin go bhféadfaidh an tAire orduithe déanta a chúlghairm má ghéill an bord d'ordú an Aire. Ina leithéid de chás, feidhmeoidh an bord lena mbaineann Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí de réir na dtreoirí.

Teideal 5 Forálfar cumhacht an Aire treoirínite athbhreithnithe a fhoilsiú ó am go chéile

Cuirtear fo-alt 15 freisin leis an Alt nua 28.

“(15) Féadfaidh an tAire treoirínite athbhreithnithe a fhoilsiú ó am go chéile tar éis dul i gcomhairle mar a leagtar amach i bhfo-alt (3) agus féadfar dáta a chinntiú do thosach feidhme Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí de réir a leithéid de treoirínite athbhreithnithe”.

Nóta Mínithe

Ligeann an Teideal seo don Aire treoirínite athbhreithnithe a fhoilsiú ó am go chéile tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe oideachais. Féadfaidh an tAire freisin dáta a chinntiú do thosach feidhme Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí de réir a leithéid de threoirínite athbhreithnithe.

Teideal 6 Ní foláir do Scoileanna tuairimí, treoir nó moltaí an Ombudsman do Leanaí a chur san áireamh

Cuirtear fo-alt 16 freisin leis an Alt nua 28.

“(16) (i) Má luann an Ombudsman do Leanaí tuairimí le bord, nó má thugann treoir do bhord, nó tar éis fiosrú faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 má mholann an Ombudsman do Leanaí bearta maidir le gnímh na scoile, cuirfidh an bord san áireamh a leithéid de thuairimí, treoir nó moltaí.

(ii) Má chuireann an Ombudsman do Leanaí in iúl don Aire aon tuairimí, treoir nó moltaí faighte ag bord, féadfaidh an tAire, faoi réir fo-ailt 16 (iii) go 16 (v), ordú i scríbhinn a thabhairt don bhord maidir leis na hábhair a chuir an Ombudsman do Leanaí in iúl don Aire.

(iii) Inseoidh an tAire, i bhfógra scríofa, don bhord má tá sé nó sí chun ordú a thabhairt faoi fho-alt 16 (ii) agus luafaidh téarmaí an ordú mholta agus na cúiseanna atá leis.

(iv) Féadfaidh an bord uirill a dhéanamh i scríbhinn ar an Aire maidir leis an ordú molta tráth nach déanaí ná 14 lá ó dháta seirbheála fógra faoi fho-alt 16 (iii).

(v) Cuirfidh an tAire aon uirill a dhéantar chuige nó chuici faoi fho-alt 16 (iv) san áireamh sula dtugtar ordú faoi fho-alt 16 (ii).

(vi) Beidh ar bhord géilleadh d’aon ordú a thugtar don bhord céanna faoi fho-alt 16 (ii).”

Nóta Mínithe

Forálann an teideal seo go gcuirfidh scoil aon mholtaí déanta ag an Ombudsman do Leanaí san áireamh ach fiosrú a bheith déanta ag a oifig nó a hoifig. Éilítear freisin go gcuirfidh an scoil aon mholtaí nó treoir ón Ombudsman san áireamh má táthar ag fiosrú gearáin nó má thagann an t-ábhar chun críche gan aon fhiosrú foirmiúil a bheith déanta.

Forálann an teideal go gcuirfidh an Ombudsman do Leanaí in iúl don Aire aon tuairimí, treoir nó moltaí faighte ag bord scoile agus go mbeidh cumhacht ag an Aire ordú a thabhairt don bhord maidir leis na hábhair a chuir an Ombudsman do Leanaí in iúl don bhord.

Forálann an teideal go scríobhfaidh an tAire chuig scoil ag cur in iúl go bhfuil sé nó sí chun ordú a thabhairt agus luafaidh téarmaí an ordú mholta agus na cúiseanna atá leis. Féadfaidh

bord scoile uiríll a dhéanamh i scríbhinn ar an Aire maidir leis an ordú molta tráth nach déanaí ná 14 lá ó dháta seirbheála an fhógra. Ansin cuirfidh an tAire aon uiríll a dhéantar chuige nó chuici faoi san áireamh sula dtugtar ordú deiridh.

Forálann an teideal go ngéillfidh bord scoile d'aon ordú a thugann an tAire don bhord chéanna.

Teideal 7 Leasú ar Alt 9 den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002

Leasaítear Alt 9 (1) (a) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 trí “agus aon fheidhmeanna eile a éilítear ar scoil faoi Alt 28 den Acht 1998” a chur isteach tar éis 1998.

agus

Alt 9 (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 a bhaint amach.

Nóta Míithe

Leasaíonn an Teideal an tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002 chun a chinntiú go gcuimsíonn réimse fiosraithe an Ombudsman do Leanaí na feidhmeanna nua breise a leagtar anois ar scoileanna trín reachtaíocht phríomha agus na treoirlínte reachtúla a fhoilseoidh an tAire maidir leis an gCairt Tuismitheoirí agus Scoláirí.

Leasaíonn an Teideal an tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002 trín bhforáil a bhaint amach nár lig don Ombudsman do Leanaí gníomh scoile a fhiosrú ach amháin sa chás gur baineadh úsáid as na cleachtais faoi Alt 28 agus iad a bheith pléite ina iomláine maidir leis an ngníomh úd.

Teideal 8 Leasú ar Alt 9 den Acht Oideachais, 1998

Leasaítear Alt 9 den Acht Oideachais, 1998 trí fheidhm bhreise scoile a chur isteach “(agus) páirteachas tuismitheoirí agus Scoláirí san oideachas a chuirtear ar scoláirí a chur chun cinn.”

Nóta Mínithe

Forálann an Teideal feidhm bhreise scoile faoi Alt 9 den Acht Oideachais, 1998. Forálann an fheidhm bhreise go gcuirfidh scoileanna aitheanta chun cinn an páirteachas tuismitheoirí agus Scoláirí san oideachas a chuirtear ar scoláirí.

Teideal 9 Leasú ar Alt 9 den Acht Oideachais, 1998

I bhfo-alt 27 (4) den Acht Oideachais 1998 bain amach na focail “leasanna na scoile agus”, agus cuir isteach “leasanna Scoláirí na scoile ag féachaint do spiorad sainiúil agus polasaithe na scoile agus na prionsabail a leagtar amach in Alt 28, agus cuirfidh chun cinn”.

Nóta Mínithe

Forálann an Teideal seo athrú ar riachtanas comhairle scoláirí ó leasanna na scoile a dhéanamh go riachtanas leasanna Scoláirí na scoile a dhéanamh ag féachaint do spiorad sainiúil agus polasaithe na scoile agus na prionsabail a leagtar amach in Alt 28.